Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

11460/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0190(NLE)**

**TRANS 504
MAR 147**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11022/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10511/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtionól an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin maidir le glacadh na Rialachán athbhreithnithe maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 21 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le bunú seasamh an Aontais i bhfianaise ghlacadh an rúin ag an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin ('CCNR') i ndáil leis na dréacht-Rialacháin maidir le Pearsanra i mbun Loingseoireachta ar an Réin ('RPN'). Tá athbhreithniú á dhéanamh ar RPN i láthair na huaire ionas go ndéanfar Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a chur san áireamh.

3. Is eagraíocht idirnáisiúnta é CCNR a bhfuil inniúlachtaí rialála aige maidir le cúrsaí loingseoireachta intíre ar an Réin. Tá ceithre Bhallstát de chuid an Aontais (an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír) agus an Eilvéis ina bpáirtithe in CCNR. Níl an tAontas ina pháirtí in CCNR.

[1] Treoir (AE) 2017/2397 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa loingseoireacht intíre a aithint agus lena n- aisghairtear Treoir 91/672/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/50/CE ón gComhairle (IO L 345, 27.12.2017, lch. 53).

## II. OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 5 agus an 11 Iúil 2022 agus leasaíodh é chun tuairimí na dtoscaireachtaí a chur san áireamh.

5. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

6. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

## III. CONCLÚIDÍ

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 11265/22 é, a d'ullmhaigh na seirbhísí dlítheangeolaíocha, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.